Cuntas Leithreasa 2020

# Vóta 1

# Teaghlachas an Uachtaráin

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 1, tá iallach orm gach bliain an cuntas leithreasa don Vóta a réiteach, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheanglais sin, tá an cuntas ceangailte leis seo réitithe agam maidir leis an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus chostais Oifig Ard-Rúnaí an Uachtaráin, maidir le costais áirithe de chuid Theaghlachas an Uachtaráin agus deontais áirithe.

Déantar an toradh caiteachais a chur i gcomparáid leis na suimeanna ceadaithe ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2020, an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar chaiteachas na bliana san áireamh.

Dlitear barrachas €658,000 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta i bhfeidhm in ullmhú an chuntais, mar a leag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe amach iad i gciorclán 22 de 2020, seachas iad a leanas:

**Sócmhainní oidhreachta**

Ní luacháiltear sócmhainní oidhreachta a bhaineann le Teaghlachas an Uachtaráin mar shócmhainní sna ráitis airgeadais seo. Tá san áireamh sna sócmhainní troscán agus saothair ealaíne. Tá tréithe neamh-inchoimhthithe agus sobhriste ag baint leo agus ní féidir a gcomhshamhail a sholáthar, agus mar sin de ní cuspóir fónta a bheadh ann na sócmhainní a chaipitliú sna ráitis seo.

**Dímheas**

Is é an polasaí maidir le dímheas ruda go muirearaítear dímheas bliana iomláine i mbliain a fhaighte/a choimisiúnaithe agus nach muirearaítear aon dímheas i mbliain a dhiúscartha. Déantar dímheas ar bhonn líne dírí.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann Oifig Theaghlachas an Uachtaráin córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí ar Roinn an Taoisigh. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chumhdach, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Cuireann an Roinn Airgeadais feidhm íocaíochta agus cuntasaíochta ar fáil do Theaghlachas an Uachtaráin.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceangaltas an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir Teaghlachas an Uachtaráin agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Táim ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta le haghaidh an Vóta do Sheirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí i soláthar seirbhísí comhroinnte do Theaghlachas an Uachtaráin.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh gnáthaimh fhoirmiúla le haghaidh teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom maidir le mo fhreagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.
- Doiciméadaíodh nósanna imeachta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó go léir.
- Tá córais ann chun na sócmhainní a chosaint.
- Tá tábhacht ag baint le timpeallacht rialaithe inmheánaigh airgeadais na Roinne Airgeadais, mar is é an Roinn Airgeadais a chuireann feidhm íocaíochta agus cuntasaíochta ar fáil do Theaghlachas an Uachtaráin.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinníonn an lucht ardbhainistíochta faoi athbhreithniú
- athbhreithnithe rialta ag an lucht ardbhainistíochta a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistíochta riosca ag feidhmiú laistigh de Theaghlachas an Uachtaráin
- córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil cuí agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail.

***Iniúchadh inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta***

Tagann Teaghlachas an Uachtaráin faoi shainchúram na feidhme iniúchóireachta inmheánaí a sholáthraíonn Roinn an Taoisigh, a bhfuil pearsanra oilte cuí acu agus a oibríonn faoi chairt scríofa a cheadaigh mé. Cuirtear an obair iniúchóireachta inmheánaí san áireamh trí anailís a dhéanamh ar na rioscaí airgeadais a bhfuil Teaghlachas an Uachtaráin neamhchosanta orthu agus tá sé d'aidhm na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Tá an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí agus a clár oibre faoi réir athbhreithnithe tréimhsiúla uaimse agus ón gCoiste Iniúchóireachta, a oibríonn faoi choimirce Roinn an Taoisigh.

Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta i 2020, agus cuireadh i bhfeidhm i 2020 an clár oibre iniúchóireachta a comhaontaíodh i 2019.

***Comhlíonadh soláthair***

Cinntíonn Teaghlachas an Uachtaráin go gcuirtear béim chuí ar dhea-chleachtas i dtaobh cúrsaí soláthair, agus go bhfuil nósanna imeachta ann lena chinntiú go gcloítear leis na treoirlínte soláthair iomchuí. Níorbh ann d'aon chonradh dámhadh gan próiseas iomaíoch a sháraigh an tairseach tuairiscithe €25,000.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag Teaghlachas an Uachtaráin lena ndéantar sainaithint ar phríomhrioscaí agus lena dtuairiscítear iad agus na gníomhartha bainistíochta atá á dhéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, chomh fada agus is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena n-aithnítear na príomhrioscaí do Theaghlachas an Uachtaráin agus rinneadh iad a aithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár go ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo le hacmhainní a phleanáil agus a dháileadh lena chinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí go leibhéal inghlactha.

Déantar cur síos sa chlár riosca ar na rialuithe agus gníomhartha is gá leis na rioscaí a mhaolú agus ar an bhfreagracht as oibriú na rialuithe atá sannta do bhaill fhoirne áirithe.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh ar rialú a chur in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a chur i bhfeidhm agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, i gcás inarb ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur aithníodh príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próiseas i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar na príomhrialuithe agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtúlacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag Teaghlachas an Uachtaráin le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta le haghaidh bainistíocht riosca agus rialaithe. In 2020, cuireadh obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta i dTeaghlachas an Uachtaráin atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil a choinneáil san áireamh le linn monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais i dTeaghlachas an Uachtaráin.

***Paindéim Covid-19***

De bharr thús phaindéim Covid-19 i dtús 2020, bhí athruithe ann ar an gcomhthéacs oibre agus an timpeallacht rialaithe, d'éirigh cianobair agus obair fhíorúil ina ngnáthchleachtas i dTeaghlachas an Uachtaráin. Mar thoradh air sin, tugadh isteach roinnt athruithe nósanna imeachta agus rialaithe. Faoi chreat riosca agus rialaithe Theaghlachas an Uachtaráin, rinne an lucht bainistíochta measúnú riosca iomlán ar thionchar Covid-19 ar an timpeallacht rialaithe. Deimhním gurb éifeachtach fós atá na rialuithe a cuireadh i bhfeidhm cheana féin agus na rialuithe sin a tugadh isteach de bharr phaindéim Covid-19.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor aithníodh laigí sa rialú inmheánach airgeadais bainteach le 2020 a bhí mar chúis, nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis, le caillteanas ábhartha.

**Martin Fraser**
Oifigeach Cuntasaíochta

31 Márta 2021

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Teaghlachas an Uachtaráin agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

## Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Aibreán 2021

## Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin

# Cuntas Leithreasa 2020

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas chláir** | | | | |
| A | Teaghlachas an Uachtaráin | 3,030 | 2,419 | 2,348 |
| B | Deolchaire an chéid | 1,544 | 1,503 | 1,307 |
| **Ollchaiteachas** | | **4,574** | **3,922** | **3,655** |
| | *Bain de* | | | |
| C | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **74** | **81** | **78** |
| **Glanchaiteachas** | | **4,500** | **3,841** | **3,577** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime a feidhmíodh faoi dhliteanas I leith a ghéillte don Státchiste.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Farasbarr le géilleadh** | **658,321** | **857,977** |

**Martin Fraser**
Oifigeach Cuntasaíochta

31 Márta 2021

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoi Chostais Oibriúcháin 2020

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas clár | | 1,452 | 1,258 |
| Pá | | 1,884 | 1,724 |
| Neamhphá | | 586 | 673 |
| **Ollchaiteachas** | | **3,922** | **3,655** |
| *Bain de* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **81** | **78** |
| **Glanchaiteachas** | | **3,841** | **3,577** |
| **Athruithe i sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (43) | | |
| Dímheas | 27 | (16) | 3 |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | (95) | (95) | 108 |
| **Caiteachas díreach** | | **3,730** | **3,688** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas seirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1) | | 4,016 | 4,780 |
| **Glanchostas clár** | | **7,746** | **8,468** |

### 1.1 Glanchaiteachas seirbhísí comhghaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais seirbhísí comhghaolmhara comhdhéanta de na méideanna measta seo leanas maidir le Vóta 1 a iompraíodh in áit eile.

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 7 | Oifig an Aire Airgeadais | 22 | 13 |
| Vóta 12 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 716 | 784 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,686 | 2,095 |
| Vóta 18 | Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 3 | 3 |
| Vóta 20 | Garda Síochána | 195 | 200 |
| Vóta 28 | Gnóthaí Eachtracha agus Trádála | 16 | 364 |
| Vóta 36 | Cosaint | 432 | 422 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais | 45 | — |
| An Lárchíste (Luachanna saothair agus liúntais Uachtaráin agus pinsin Uachtaráin) | | 901 | 899 |
| | | **4,016** | **4,780** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2020

| | Nóta | 2020 €000 | 2019 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 51 | 35 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 2.3 | 29 | 29 |
| Réamhíocaíochtaí | | 21 | 21 |
| Iarmhéideanna dochair eile | | 6 | 7 |
| Ioncam fabhraithe | | 5 | 3 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.5 | 82 | 109 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **144** | **169** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 30 | 58 |
| Costais fhabhraithe | | 47 | 140 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.4 | 58 | 58 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **135** | **256** |
| **Glandliteanais reatha** | | 9 | (87) |
| **Glansócmhainní** | | **60** | **(52)** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe stáit** | 2.6 | **60** | **(52)** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh TF | Trealamh oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2020 | 340 | 15 | 355 |
| Breiseanna | 43 | — | 43 |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2020 | 383 | 15 | 398 |
| | | | |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2020 | 305 | 15 | 320 |
| Dímheas don bhliain | 27 | — | 27 |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2020 | 332 | 15 | 347 |
| | | | |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2020** | **51** | — | **51** |
| | | | |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2019 | 35 | — | 35 |

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna PMG agus airgead tirim | **(30)** | **(58)** |

## 2.3 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Boinn an chéid | 8 | 8 |
| Tomhaltáin teicneolaíochta faisnéise agus stáiseanóireacht | 21 | 21 |
| | **29** | **29** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 28 | 26 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 10 | 9 |
| Ranníocaíochtaí aoisliúntas breise | — | 6 |
| Muirear Sóisialta Uilíoch | 6 | 5 |
| Ranníocaíocht pinsin | 5 | 4 |
| | 49 | 50 |
| | | |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 9 | 8 |
| | **58** | **58** |

## 2.5 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
| --- | --- | --- |
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le géilleadh | 658 | 858 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (740) | (967) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **(82)** | **(109)** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 6 | 7 |
| | 6 | 7 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (49) | (50) |
| Banc agus airgead tirim | (30) | (58) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (9) | (8) |
| | (88) | (116) |
| | **(82)** | **(109)** |

## 2.6 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2020 | 2019 |
| --- | --- | --- | --- | --- |
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | (52) | 59 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 4,500 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (658) | | |
| Glanmhéid an Vóta | | | 3,842 | 3,576 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 4,016 | 4,780 |
| Nithe eile (nach airgead iad) | | | — | 1 |
| Glanchaiteachas clár | 1 | | (7,746) | (8,468) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **60** | **(52)** |

## 2.7 Gealltanais

| ag 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
| --- | --- | --- |
| | €000 | €000 |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | **228** | **150** |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an caiteachas riaracháin a leanas leithroinnte ar na cláir éagsúla, chun costais iomlán na gclár a chur i láthair.

| | | 2020 | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 1,858 | 1,884 | 1,724 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 310 | 76 | 87 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 340 | 237 | 327 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 86 | 87 | 64 |
| v | Trealamh oifige agus soláthairtí oifige agus seirbhísí gaolmhara | 496 | 187 | 195 |
| | | **3,090** | **2,471** | **2,397** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Sna míreanna thíos, déantar anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus tugtar na cúiseanna leis na hathrúcháin shuntasacha (+/- 25% agus +/- €100,000).

**ii Taisteal agus cothabháil**

*Soláthar meastacháin: €310,000, Toradh €76,000*

I mí an Mhárta 2020, cuireadh taisteal intíre agus idirnáisiúnta ar fionraí de bharr shrianta Covid-19. Mar thoradh air sin, bhí caiteachas ar thaisteal i 2020 níos lú ná a bhí beartaithe i dtosach.

**iii Oiliúint agus forbairt agus Costais theagmhasacha**

*Soláthar meastacháin: €340,000, Toradh €237,000*

Bhí an laghdú ar chaiteachas mar thoradh ar an gcealú ócáidí inmheánacha de bharr shrianta Covid-19.

**v Trealamh oifige agus soláthairtí oifige agus seirbhísí gaolmhara**

*Soláthar meastacháin: €496,000, Toradh €187,000*

Bhain an soláthar meastacháin le hinfheistíocht aonuaire chun córas nua a chuir in áit an chórais reatha ‘Lotus Notes’. Cuireadh tús leis an tionscadal i 2020, ach bhí moill air nuair a imlonnaíodh acmhainní TF chun cianobair a éascú de thoradh na paindéime. Beidh an tionscadal á chríochnú i 2021.

## Clár A Teaghlachas an Uachtaráin

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán − pá | 1,813 | 1,835 | 1,677 |
| A.2 | Riarachán − neamhphá | 1,217 | 584 | 671 |
| | | **3,030** | **2,419** | **2,348** |

## Clár B Deolchaire an chéid

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| B.1 | Riarachán − pá | 45 | 49 | 47 |
| B.2 | Riarachán − neamh phá | 15 | 2 | 2 |
| B.3 | Deolchaire an chéid | 1,484 | 1,452 | 1,258 |
| | | **1,544** | **1,503** | **1,307** |

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Fáltais ó asbhaintí ranníocaíochtaí aoisliúntas breise ar luach saothair seirbhíse poiblí | 67 | 78 | 71 |
| 2 | Ilghnéitheach | 7 | 3 | 7 |
| | **Iomlán** | **74** | **81** | **78** |

# Nóta 5 Líon Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon fostaithe

| **Coibhéisí lánaimseartha** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | **26** | **26** |

## 5.2 Pá

| | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 1,699 | 1,532 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 58 | 57 |
| Ragobair | 7 | 21 |
| ÁSPC an fhostóra | 120 | 114 |
| **Pá iomlán** | **1,884** | **1,724** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | **Líon faighteoirí** | **Faighteoirí de €10,000 nó níos mó** | **An íocaíocht aonair is airde** | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2020** | **2019** |
| | | | **€** | **€** |
| Liúntais ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 5 | 3 | 19,174 | 19,174 |
| Ragobair | 10 | — | 2,110 | 4,342 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | — | — | — | 2,894 |

## 5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

| | **An líon faighteoirí** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| Ró-íocaíochtaí | — | — | 1,650 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | — | — | 1,650 |